An Roinn Oideachais agus Eolaíochta **M.64T**

**SCRÚDÚ ARDTEISTIMÉIREACHTA, 2001**

An páipéar seo le tabhairt d'iarrthóirí ar an Déardaoin, 3 Bealtaine

EALAÍN

# GRÉASCHÓIRIÚ

GNÁTHLEIBHÉAL

DÉARDAOIN, 10 BEALTAINE, MAIDIN 9.30 - 12.00

**Tá 100 marc ag dul don pháipéar seo**

Léigh na treoracha seo a leanas agus déan iad a chomhlíonadh.

(a) Ceadaítear úsáid a bhaint as cibé ábhair ealaíne, ábhair dearraidh agus uirlisí is gá, de gnáth leis an scrúdú a chomhlánú.

(b) Scríobh an t-eolas seo a leanas ar gach bileog líníochta

* D'uimhir scrúdaithe agus an leibhéal scrúdaithe atá á dhéanamh agat.
* Ainm do rogha dearadh molta.
* Uimhir na Ceiste a roghnaigh tú.

(c) Tabharfar clúdach Ealaíne (bán) duit ag deireadh an scrúdaithe ina gcuirfidh tú na nithe seo a leanas.

* Sceitsí ullmhúcháin, más ann dóibh. Is gá iad a bheith sínithe agus dátaithe ag do mhúinteoir ealaíne nó ag do phríomhoide.
* Réamhsceitse amháin, aitheanta.
* Dearadh Molta amháin.

(1) *Sceitse ullmhúcháin* ar thaobh amháin de leathanach A2. 0 marc
Déantar an sceitse seo sa tseachtain roimh an scrúdú agus ceadaítear duit é a bhreith isteach leat sa seomra scrúdaithe mar chabhair leis an gcuimhne. Is gá é seo a bheith sínithe agus dátaithe ag do Mhúinteoir Ealaíne/Phríomhoide mar chruthúnas gur leat féin amháin an obair. Is féidir samlpaí den gciall a bhaineann tusa as a gceist a roghnaigh tú, agus smaointe forbartha bunaithe ar a leithéid a bheith mar chuid den ábhair ullmhúcháin seo. Tá sé ceadaithe nótaí beaga míniúcháin a léiríonn cad as ar eascair na smaointe don a bheith mar chuid de na líníochtaí/sceitsí dearadh.

(2) *Réamhsceitse* ar thaobh amháin de leathanach A2 20 marc.
Is gá an réamhsceitse a chur i gcrích i rith an tréimhse scrúdaithe. Is gá go mbeadh forbairt sa bhreis le feiceáil sa sceitse seo thar mar atá sa sceitse ullmhúcháin. Is gá go ndéanfaí gach gné den dearadh 2D nó 3D a mheas sa sceitse in oiriúint don dearadh a roghnaigh tú.
Ní thabharfar marcanna ar bith do chóip díreach den sceitse ullmhúcháin.

(3) *An Dearadh Deiridh* 80 marc.
Déantar an Dearadh deiridh a chur i gcrích ar lá an scrúdaithe.

Iomlán marcanna 100

**THALL →**

**SLIOCHT TUAIRISCIÚIL**

Ina bhfuil pointí tosaithe

Is maith le Pádraigín dul amach ag siúl sa bháisteach agus sa ghaoth. Is maith léi an bháisteach a mhothú ar a haghaidh agus a cuid gruaige a bheith ag séideadh sa ghaoth. Bhí sí sa bhaile ón gcoláiste do dheireadh seachtaine na Samhna agus í suite ina seomra codlata ag féachaint amach an fhuinneog. Ba cheart di a bheith ag staidéar do scrúdú a bheadh ar siúl i gceann coicíse ach bhí a haird dírithe ar an mbáisteach trom a bhí ag titim os comhair a fuinneog amach agus ar na gálaí gaoithe a bhí le cloisteáil aici. Bhí an Fómhair tagtha agus bhí an plásóg féir sa gháirdín clúdaithe le duilleoga ar chruthanna agus ar dhathanna éagsúla. "Déanfaidh an ghaoth seo creatalaigh loma as na crainn ar fad', a smaoinigh sí agus a cuid buataisí agus a cóta báistí gorm á chuir uirthi. Nuair a chonaic an madra clainne, brocaire Éireannach, dárbh ainm Rúairí í á réiteach féin theastaigh uaidh dul in éineacht léi agus thosaigh sé ag rince timpeall ar a cosa, a chuid fionnaidh rua catach ag preabadach agus é ag tafann agus ag léimt. "Tá go maith marsin, tar uait" arsa Pádraigín, agus í ag tarraingt cochall a cóta in airde thar a cuid gruaige fionn.

Shocraigh sí siúl timpeall ar an ngáirdín ar dtús agus ansin dul tríd an ngeata a thabharfadh amach go dtí na páirceanna í. Bhí crainn beithe gheala ag bun an gháirdín agus an spéir liath mar chúlra acu. Bhí roinnt duilleog feoite, buí fós orthu. Chruthaigh coirt bhán, airgeadach na gcrann línte ingearacha solais a bhí ag luascadh sa bháisteach trom. Thíos faoi na crainn, leath cheilte i measc duilleoga lascacha, claíomhtacha, dubhdhearg an phorium, bhí duilleoga fothchupánacha agus bláthanna míne bándearga an cioclaimeán ag gobadh amach. Níos faide ar aghaidh an chosáin i dtreo an gheata thug Pádraigín faoi ndeara go raibh bachlóga dearg gheal ar chuid de na rósanna agus go raibh plandaí mórdhuilleogacha eile feoite agus dídean faighte acu faoin thalamh don gheimhreadh, ag fágaint duilleoga fheoite, chraptha ina ndiaidh mar chuimhneachán ar a nglóire sa samhradh. Chrith féir donna ornáideacha go fraochmhar, agus fuair plandaí níos lú foscadh faoi chlúdach cosantach comharsana níos mó ná iad féin. "Tá roinnt seachtainí ann ó bhí mé sa bhaile agus tá an gáirdín athraithe go hiomlán", a smaoinigh Pádraigín, an fhaid is a chuir sí íontas `sna bláthanna buí éagsúla ar fad a bhí le feiceáil aici. Chuir sí íontas freisin i cé chomh héifeachtach is a bhí oráistí, doinn agus glasanna tréigthe comhcheangailte sa dúlra. 'Tá sé cosúil le damhsa, daite, fraochmhar" a smaoinigh sí agus í ag dul thar na coirceoga liath, a bhí ina seasamh in aghaidh balla cloiche, a sealbhóirí breátha ina gcodladh don gheimhreadh, aineolach ar na gníomhaíochtaí mhire a bhí ag tárlú lasmuigh dá ndoras. Nuair a shroich Pádraigín geata na páirce chonaic sí cruthanna na mbeithígh carnaithe i mullach a chéile, droim le gaoth ag fanacht ar athrú san aimsir. Ba léir di go raibh an lao donn a rugadh an samhradh seo chaite fásta ina bheithíoch an-mhór agus go raibh cóta fionnaidh geimhridh fásta air len é a choimeád te. Agus í ag siúl tríd an bpáirc chuala Pádraigín a hathair ag tosú an tarracóir agus chonaic sí an cruth mór geoiméadrach gorm ag teacht ina treo tríd an mbáisteach, ag breith féar tirim chuig na beithígh. Chuala na beithígh an torann freisin agus ritheadar ina leith. Chonaic Pádraigín pátrúin athraitheach dubh agus bán, donn agus bán agus bán éadrom na laonna Charolais agus iad a rith thar bráid. Ruairí á ngéar-leanúint.

D'fhill Pádraigín ar an teach ag dul thar an lochán lile agus stop sí féachaint an raibh na héisc gafa i bhfolach. Bhí dromchla an uisce ag preabadh le fórsa na báistí ach d'fhéadfadh sí na héisc órga a fheiceáil faoi dhuilleoga bháite an lile, a bhí ag buíochan agus taobh thiar de phlandaí glasa spíceacha a bhí ar snámh ar dhromchla an locháin. "Geobhaidh mé bia dóibh sula dtéim isteach" a dúirt sí agus thug sí aghaidh ar an mbothán garraí, Ruairí a madra dílis, báite go craiceann agus clúdaithe le láib, ina diaidh.

***Déan dearadh do cheann amháin de na ceirdeanna seo a leanas, bunaigh do dhearadh ar théama a thagann chugat as an sliocht tuairisciúil thuas.***

**1. Litreoireacht agus Peannaireacht:**

Dear píosa scríbhneoireacht pheannaireachta bunaithe ar an gcuid den sliocht tuairisciúil a thaitníonn leat. Is féidir leat íomhánna, móitífeanna mhaisithe, focail thromchiallacha nó litreacha a úsáid le do dhearadh a léiriú.

**2. Líonóilghearradh agus Priontáil:**

Déan dearadh a bheadh oiriúnach do phrionta bunaithe ar an sliocht tuairisciúil. Ná húsáid níos mó ná trí dhath.

**3. Fabraicphriontáil:**

Déan dearadh d'éadach chuirtín do sheomra leapa páiste. Is féidir do dhearadh a bheith oiriúnach do bhlocphriontáil, do scáthphriontáil, do stionsal nó do bhaitíc. Bain úsáid as ar a laghad trí dhath agus bain úsáid as an bhforchló i do dhearadh.

**4. Bróidnéireacht:**

Tóg pointe tosaithe as an sliocht tuairisciúil agus ceap dearadh a bheadh oiriúnach le haghaidh bróidnéireachta. Ní miste an dearadh a bheith oiriúnach mar chlúdach adhartáin, mar éadach boird nó mar scairf. Déan cur síos ar na dathanna a d'úsáidfeá. Úsáid na dathanna i do sceitsí agus tabhair cuntas gairid ar na greimeanna bróidnéireachta agus na teicnící atá le húsáid.

**5. Fíodóireacht:**

Roghnaigh pointe tosaithe as an sliocht tuairisciúil agus dear teicstíl fíodóireachta a bheadh oiriúnach d'adhartán nó d'fhabraic súsa. Lig don téama atá roghnaithe agat as an sliocht tuairisciúil tionchar a bheith aige ar stíl na fíodóireachta, ar éagsúlacht an phatrúin, na snátha agus an teaglaim de dhathanna. Tabhair cuntas gairid, más féidir ar na teicnící fíodóireachta atá le húsáid.

**6. Criadóireacht:**

Roghnaigh pointe tosaithe ar bith as an sliocht tuairisciúil agus dear vása 20 cm ar airde. Is féidir leis an árthach a bheith feidhmiúil nó maisiúil.

nó

Dear píosa de dhealbhóireacht cheirmeach a chuireann an sliocht tuairisciúil id'cheann. Luaigh na teicnící a d'úsáidfeá agus an dearadh á dhéanamh, á ghlonrú agus á chur i gcrích.

**THALL →**

**7. Puipéadacht:**

Roghnaigh pointe tosaithe ar bith as an sliocht tuairisciúil **NÓ**

Roghnaigh ceann de na téamaí seo a leanas ón sliocht tuairisciúil.

(a) "Ag feitheamh sa bháisteach”
(b) "coileán" **nó** “lao".

Dear puipéad bunaithe ar cheann de na téamaí thuasluaite. Lig dod’ dhearadh a thaispeáint conas is féidir an puipéad a shlánú agus tabhair sonraí maidir le hábhair, le dath, le maisiú agus le críoch.

**8. Leabharcheardaíocht:**

Roghnaigh pointe tosaithe ar bith as an sliocht tuairisciúil **NÓ**

Roghnaigh ceann amháin de na téamaí atá sa sliocht tuairisciúil.

(a) Dathanna an Fhómhair.
(b) Glóir an tSamhraidh.

Dear clúdach leabhair le haghaidh ceann amháin de na téamaí thuas. Luaigh sonraí maidir leis an leagan amach agus i dtaobh faisnéise ghrafaice ar bith a bhaineann leis an dtúschlúdach.

**9. Dearadh Fógraíochta:**

Dear póstaer bunaithe ar phointe tosaithe ar bith as an sliocht tuairisciúil nó bain feidhm as an gceannteideal seo a leanas “Féir Órnáideach”. Luaigh na sonraí maidir leis an leagan amach, stíl chlódóireachta, litreoireacht, dath agus críoch.

**10. Múnlóireacht agus Snoíodóireacht:**

Bain úsáid as an téama seo a leanas “Déanfaidh an ghaoth creatalaigh loma as na crainn”. Luaigh na sonraí maidir le hábhair a úsáideadh i ndearadh do shaothar múnlóireachta nó snoíodóireachta.

**11. Feistis Stáitse:**

Dear feisteas stáitse ar scála cuí a bheidh bunaithe ar dhráma, ar thóstal nó ar imeacht amharclannach a chuireann an sliocht tuairisciúil id’ cheann.

nó

Bain úsáid as an téama seo a leanas “Taibhsí an Fhómhair” agus dear cúlbhrat agus cultacha a bheadh oiriúnach don téama. Luaigh na sonraí maidir le ábhar feistis, le dath agus rl.